


Fógra Post

Oifigeach Pleanála Teanga

Tá post mar **Oifigeach Pleanála Teanga** á thairiscint ar Inis Oírr ag:

Comhar Caomhán Teo, Inis Oírr

Teastaíonn Oifigeach Pleanála Teanga le Plean Teanga Oileáin Árann a chur i bhfeidhm in Inis Oírr. Beidh Oifigeach Pleanála Teanga amháin lonnaithe ar gach oileáin agus freagrach as bearta an phlean teanga a chur i bhfeidhm ar an oileán sin. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag ceann de na heagraíochtaí atá luaite thuas agus freagrach as clár oibre aontaithe a chur i bhfeidhm. Is conradh trí bliana a bheidh i gceist leis na poist seo, agus féadfar cur leis an tréimhse sin.

Duine cumasach a bhfuil taithí agus cáilíochtaí acu i réimse oibre na pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar a theastaíonn.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas acu:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar.
- Tuiscint agus taithí mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, ar fhorbairt pobail agus ar a bheith ag plé le coistí/struchtúir phobail.
- Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal.
- Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
- Taithí ar fhoireann oibre a bhainistiú
- Eolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais
- “Beidh uaireanta oibre neamh-shóisialta le hoibriú ag an Oifigeach ó am go chéile de réir riachtanais na hoibre”.

Tá scála tuarastail ó €35,000 agus €50,000 ag gabháil leis na poist.

Seoltar CV agus litir chumhdaigh ar ríomhphost, roimh 5i.n. Dé Céadaoin 31 Lúnasa

Comhar Caomhán Teo Inis Oírr bainisteoir@discoverinisoirr.com

Tá cóip den phlean teanga agus tuilleadh eolais ar fáil ach teagmháil a dhéanamh le Comhar Caomhán Teo.

Ullmhaíodh an plean mar chuid den phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus i gcomhréir le forálacha Acht na Gaeltachta, 2012. Is plean seacht mbliana atá i gceist a bhfuil d’aidhm aige cur leis an líon cainteoirí laethúla Gaeilge san LPT. Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an phríomhfhreagracht an plean a chur i bhfeidhm.